Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Eanáir 2025
(OR. en)

16578/24
PV CONS 64
SOC 897
EMPL 606
SAN 691
CONSOM 349

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

2 agus 3 Nollaig 2024

**<u>CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 2 NOLLAIG 2024</u>**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac <u>an Chomhairle</u> an clár oibre a leagtar amach in 16142/2/24 REV 2.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 16321/1/24 REV 1

Ghlac <u>an Chomhairle</u> gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 16322/24

<u>Teileachumarsáid</u>

1. **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/881 (an Gníomh um Chibearshlándáil) a mhéid a bhaineann le seirbhísí slándála bainistithe** ❶C 15878/24 + ADD 1 PE-CONS 93/24 CYBER
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 27.11.2024

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE), agus <u>an tSlóvaic</u> ag staonadh ón vótáil. Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

2. **Rialachán lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun bagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt orthu (An Gníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht)**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 27.11.2024

❶C 15879/24 + ADD 1
PE-CONS 94/24
CYBER

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 173(3) agus 322(1), pointe (a) CFAE). Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

FOSTAÍOCHT, AN BEARTAS SÓISIALTA

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. Treoir maidir le tréimhsí oiliúna** ❶C 16136/24 + ADD 1
*Cur chuige ginearálta*

Níor tugadh an tacaíocht ba ghá don Chomhairle chun teacht ar an gcur chuige ginearálta a leagtar amach sa doiciméad thuas.

Thíolaic an Eastóin ráiteas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**4. Moladh ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta treisithe le haghaidh Tréimhsí Oiliúna** C 2 15599/24
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn i ndáil leis an Moladh ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta treisithe le haghaidh Cúrsaí Oiliúna, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas í.

**5. Seimeastar Eorpach 2025: Príomhbhearta i réimse na fostaíochta agus an bheartais shóisialta** 2 15562/24 + COR 1
*Díospóireacht bheartais*

(a) **Cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát** C 2 15724/1/24 REV 1, 15095/24 + ADD 1
(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 148(2) CFAE)
*Glacadh*

(b) **Measúnú ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta arna chur chun feidhme ar bhonn píolótach i dtimthriall Sheimeastar Eorpach 2024** 2 15563/24
*Cur i láthair ó chathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta*

(c) **Athbhreithniú EMCO ar chur chun feidhme an Mholta maidir le cuntais foghlama aonair: Na príomhtheachtaireachtaí** ☐ 15564/24
*Formhuiniú*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir le Tosaíochtaí san fhostaíocht agus sa bheartas sóisialta, ar bhonn nóta stiúrtha ón Uachtaránacht a leagtar amach in 15562/24 + COR 1.

Ghlac an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát, a leagtar amach in 15095/24 + ADD 1.

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair a rinne Cathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta faoi seach ar an Measúnú ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta mar a chuirtear chun feidhme é ar bhonn píolótach i dtimthriall Sheimeastar Eorpach 2024, a leagtar amach in 15563/24.

D'fhormhuinigh an Chomhairle príomhtheachtaireachtaí an athbhreithnithe ón gCoiste Fostaíochta ar chur chun feidhme an Mholta maidir le cuntais foghlama aonair, a leagtar amach in 15564/24.

6. **Conclúidí maidir le ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas Eorpach: Acmhainneacht saothair neamhshaothraithe a shlógadh san Aontas Eorpach** ☐ 15463/24
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí maidir le ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas: Acmhainneacht saothair neamhshaothraithe a shlógadh san Aontas Eorpach, a leagtar amach sa doiciméad thuas.

7. **Conclúidí maidir le feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin agus ar sheirbhísí fostaíochta chun cuimsiú sóisialta daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na Romaigh, a chur chun cinn trí neamhionannais chríochacha a laghdú** ☐ 15610/24
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí maidir le feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin agus ar sheirbhísí fostaíochta chun cuimsiú sóisialta daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na Romaigh, a chur chun cinn trí neamhionannais chríochacha a laghdú, a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**8.** **Conclúidí maidir le cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas a chothú trí fhostaíocht, freastal réasúnta agus athshlánú** 15842/24 **+ REV 1 (sv)**
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí maidir le cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas a chothú trí fhostaíocht, trí chóiríocht réasúnta agus trí athshlánú, a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**9.** **Réitigh chuimsitheacha ar dhúshláin dhéimeagrafacha: Tacú le tuismitheoirí agus leas a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe na nglúnta óga agus aosta** 15569/24
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir le réitigh chuimsitheacha ar dhúshláin dhéimeagrafacha: Tacú le tuismitheoirí agus leas a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe na nglúnta óga agus na nglúnta níos sine, ar bhonn nóta stiúrtha ón Uachtaránacht a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**10.** **Conclúidí ón gComhairle maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus comhionannas inscne a áirithiú do gach glúin i gcomhthéacs na ndúshlán déimeagrafach** 15104/24 + COR 1 + ADD 1
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus comhionannas inscne a áirithiú do gach glúin i gcomhthéacs na ndúshlán déimeagrafach, a leagtar amach sa doiciméad thuas.

Thíolaic an Ungáir ráiteas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

**11.** **Conclúidí maidir le meabhairshláinte na mban agus na gcailíní a neartú tríd an gcomhionannas inscne a chur chun cinn** 15976/24 + ADD 1 REV 2
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí maidir le meabhairshláinte na mban agus na gcailíní a neartú tríd an gcomhionannas inscne a chur chun cinn, a leagtar amach sa doiciméad thuas.

Thíolaic an Bhulgáir agus an Ungáir ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

**Aon ghnó eile**

12. (a) **Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** ❶C

i) **Rialachán maidir le staidreamh mhargadh saothair an Aontais i ndáil le fiontair** 12258/23 + ADD 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

ii) **Rialachán maidir le comhéadan poiblí atá nasctha le Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh i ndáil leis an dearbhú maidir le hoibrithe a phostú agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012** 15620/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil i ndáil leis an Rialachán maidir le staidreamh mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí.

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil faoin Rialachán maidir le comhéadan poiblí atá nasctha le Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh i ndáil leis an dearbhú maidir le hoibrithe a phostú agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012.

(b) **Cruinniú Mullaigh Sóisialta Tríthaobhach** 16081/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil maidir leis an gcruinniú mullaigh sóisialta tríthaobhach.

(c) **Fóram Sóisialta Porto 2025** 16268/24
*Faisnéis ón bPortaingéil*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Phortaingéil ar fáil maidir le Fóram Sóisialta Porto 2025.

**(d) Imeachtaí Uachtaránachta** 16079/24

**i) Cruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí fostaíochta agus gnóthaí sóisialta**

**ii) Comhdhálacha ardleibhéil**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le himeachtaí na hUachtaránachta.

**(e) Uirlisí digiteacha chun saorghluaiseacht chóir oibrithe san Aontas a chur chun cinn** 16000/24
*Faisnéis ón Danmhairg, le tacaíocht ón mBeilg, ón nGearmáin, ón nGréig, ón gCróit, ón Ísiltír, ón tSlóivéin agus ón bhFionlainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Danmhairg ar fáil, le tacaíocht mBeilg, ón nGearmáin, ón nGréig, ón gCróit, ón Ísiltír, ón tSlóivéin agus ón bhFionlainn, maidir le huirlisí digiteacha chun saorghluaiseacht chothrom oibrithe a chur chun cinn san Aontas. Ina theannta sin, ba dhíol sásaimh don Eastóin agus don Fhrainc an tionscnamh le linn an chruinnithe.

**(f) Tuarascálacha ón gCoimisiún maidir le straitéisí comhionannais a chur chun feidhme**

**i) Tuarascáil ar chur chun feidhme na gcreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh** 13899/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir leis an Tuarascáil ar chur chun feidhme na gcreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh.

**(d) (ar lean) Imeachtaí Uachtaránachta** 16079/24

(iii) **Cruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí atá freagrach as an déimeagrafaíocht**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le himeachtaí na hUachtaránachta.

**(g) Cóir chomhionann agus idirdhealú trasnach** 15933/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le cóir chomhionann agus idirdhealú trasnach.

**(f) (ar lean) Tuarascálacha ón gCoimisiún maidir le straitéisí comhionannais a chur chun feidhme**

**ii) Tuarascáil maidir le cur chun feidhme phlean gníomhaíochta frithchiníochais an Aontais Eorpaigh 2020-2025** 13819/24

**iii) Tuarascáil ar chur chun feidhme na straitéise um chomhionannas LGBTIQ 2020-2025** 13898/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir leis an Tuarascáil ar chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Frithchiníochais an Aontais Eorpaigh 2020-2025, agus maidir leis an Tuarascáil ar chur chun feidhme na straitéise um chomhionannas LGBTIQ 2020-2025.

**(h) Suirbhé an Aontais ar fhoréigean inscnebhunaithe** 16259/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le suirbhé an Aontais ar fhoréigean inscnebhunaithe.

(i) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón bPolainn*

**CRUINNIÚ DÉ MÁIRT, AN 3 NOLLAIG 2024**

SLÁINTE

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**13. Moladh ón gComhairle maidir le timpeallachtaí atá saor ó thobac agus ó aerasóil** C F2 15059/24 + ADD 1-2

(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 168(6) CFAE)

*Glacadh*

Ghlac an Chomhairle Moladh ón gComhairle maidir le timpeallachtaí atá saor ó thobac agus ó aerasóil.

Thíolaic an Iodáil agus an Rómáin ráiteas comhpháirteach agus thíolaic Poblacht na Seice ráiteas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

**14. An tAontas Sláinte Eorpach i bhfianaise na tuarascála maidir le 'Todhchaí Iomaíochas na hEorpa'** F2 15278/24

*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir leis an Aontas Sláinte Eorpach i bhfianaise na tuarascála maidir le 'Todhchaí iomaíochas na hEorpa'.

**Plé reachtach**

**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**15. Pacáiste cógaisíochta:** ❶ C 14955/24

(a) **Treoir maidir le cód an Aontais a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine**

(b) **Rialachán lena leagtar síos nósanna imeachta Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear rialacha lena rialaítear an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach**

*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an bpacáiste cógaisíochta.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**16. Conclúidí maidir leis an tsláinte chardashoithíoch a fheabhsú san Aontas Eorpach** — 15315/24 + COR 1-2

*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí maidir le feabhas a chur ar shláinte chardashoithíoch san Aontas Eorpach.

**17. Conclúidí maidir le deonú agus trasphlandú orgán a fheabhsú** — 14697/24 + ADD 1

*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí maidir le feabhas a chur ar dheonú agus trasphlandú orgán.

Thíolaic an Ostair agus an Chróit ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

**Aon ghnó eile**

**18. a) Athchóirithe is gá sa Rialachán maidir le Feistí Leighis agus sa Rialachán maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*: tosaíochtaí / príomhphointí** — 15380/24

*Faisnéis ón nGearmáin, ó Éirinn, ón bhFrainc, ón gCróit, ó Lucsamburg, ó Mhálta, ón Rómáin, ón tSlóivéin agus ón bhFionlainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin, Éire, an Fhrainc, an Chróit, Lucsamburg, Málta, an Rómáin, an tSlóivéin agus an Fhionlainn ar fáil maidir leis na hathchóirithe is gá a dhéanamh ar na Rialacháin maidir le Feistí Leighis.

**b) Comhar deonach na mBallstát maidir le soláthar comhpháirteach táirgí íocshláinte** — 15379/1/24 REV 1

*Faisnéis ón Danmhairg, ón nGréig, ón gCróit, ón gCipir, ó Laitvia, ó Mhálta agus ón tSlóivéin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Danmhairg, an Ghréig, an Chróit, an Chipir, an Laitvia, Málta agus an tSlóivéin ar fáil maidir le comhar deonach na mBallstát i ndáil le soláthar comhpháirteach táirgí íocshláinte.

**c) Earnáil na sláinte mar phríomhchuid de Straitéis um Aontas na hUllmhachta amach anseo** 15400/24
*Faisnéis ón bhFionlainn thar ceann na Gearmáine, na hEastóine, na Spáinne, na Cróite, na Cipire, na Laitvia, Lucsamburg, Mhálta agus na Fionlainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón bhFionlainn thar ceann na Gearmáine, na hEastóine, na Spáinne, na Cróite, na Cipire, na Laitvia, Lucsamburg, Mhálta agus na Fionlainne maidir le hearnáil na Sláinte mar chuid lárnach de Straitéis an Aontais Ullmhachta a bheidh ann amach anseo.

**d) Comhdhálacha na hUachtaránachta** 15402/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le comhdhálacha na hUachtaránachta.

e) Díol cógas neamhúdaraithe le saoránaigh an Aontais a ghleic 15381/24
*Faisnéis ón mBeilg, ó Éirinn, ón gCipir agus ón Spáinn*

f) Caibidlíocht le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí, agus le haghaidh leasuithe comhlántacha ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) 15401/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

g) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón bPolainn*

---

An chéad léamh

Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**IARSCRÍBHINN**

**RÁITIS A GHABHANN LEIS NA MÍREANNA REACHTACHA 'B' A LEAGTAR AMACH IN 16142/2/24 REV 2**

**Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':**

**Treoir maidir le tréimhsí oiliúna**
*Cur chuige ginearálta*

**RÁITEAS ÓN EASTÓIN**

'Tacaíonn an Eastóin le haidhm fhoriomlán na Treorach maidir le Tréimhsí Oiliúna chun cáilíocht agus rochtain ar chúrsaí oiliúna a fheabhsú. Mar sin féin, measaimid gur gá na hábhair imní seo a leanas a chur in iúl maidir le cur i bhfeidhm na Treorach.

De réir théacs Airteagal 8 maidir le nósanna imeachta ceaptha ag ionadaithe na n-oibrithe, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfar dhá chás éagsúla.

Maidir le hionadaithe na n-oibre, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(1) *go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh* […] in aon nós imeachta breithiúnach nó riaracháin ábhartha chun na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a fhorfheidhmiú;

**agus**

(2) *go mbeidh siad in ann gníomhú* […] thar ceann oiliúnaí nó chun tacú leis nó léi i gcás sárú ar aon cheart nó oibleagáid a eascraíonn as an Treoir seo […].

Tuigtear dúinn go gciallaíonn an dara cás (*go mbeidh siad in ann gníomhú* [...] *thar ceann oiliúnaí nó chun tacú leis nó léi*) ionadaíocht a dhéanamh nó comhairle a thabhairt in imeachtaí cúirte (rinneadh caibidlíocht ar úsáid an téarma *chun tacú leis nó léi* faoi chuimsiú ionstraimí dlí shibhialta, e.g. an Treoir frith-SLAPP). Mar sin féin, ní léir dúinn cad is brí leis an gcéad chás (*go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh*), murab ionann é agus ionadaíocht a dhéanamh nó comhairle a thabhairt in imeachtaí cúirte agus má rialaítear é mar oibleagáid ar leithligh.

De réir fhoclaíocht na forála, ba cheart don Bhallstát a áirithiú go mbeadh ionadaithe na n-oibrithe, nach ngníomhaíonn mar ionadaithe ná mar chomhairleoirí in imeachtaí cúirte, in ann a bheith rannpháirteach in imeachtaí breithiúnacha. Ní dhéantar foráil i ndlí nós imeachta sibhialta na hEastóine don fhéidearthacht sin, agus chuirfeadh an oibleagáid nua earnáilsonrach sin isteach ar neamhspleáchas nós imeachta Ballstáit agus ní féidir í a bheith mar sprioc ag dlí an Aontais.

Le linn na caibidlíochta i gComhairle an Aontais Eorpaigh, d'iarramar soiléiriú ar a bhfuil i gceist le *go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh i* [...] *nós imeachta breithiúnach chun na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a fhorfheidhmiú*, má chiallaíonn sé rud éigin seachas ionadaíocht nó comhairle a thabhairt in imeachtaí cúirte; tá moltaí d'fhoclaíocht Airteagal 8 curtha ar fáil againn, chomh maith le moladh le haghaidh fhoclaíocht na haithrise.

Tuigimid an Coimisiún ar bhealach a fhágann nach gá do na Ballstáit a ndlí nós imeachta sibhialta a athrú chun freagairt don chéad chás a leagtar síos in Airteagal 8 (*Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ionadaithe oibrithe in ann páirt a ghlacadh* [...] *in aon nós imeachta breithiúnach ábhartha* [...] *chun na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a fhorfheidhmiú*).

Ós rud é go gceadaítear léirmhíniú difriúil le téacs na Treorach, tugaimid dár n-aire go léirmhíníonn an Eastóin an chéad chás a rialaítear in Airteagal 8 ar bhealach nach gá don Eastóin a dlí nós imeachta a athrú chun ceanglais Airteagal 8 a chomhlíonadh. Ba leor, de réir dhlí nós imeachta na hEastóine, go bhféadfadh an t-oiliúnaí ionadaithe oibrithe a úsáid mar ionadaí nó mar chomhairleoir in imeachtaí cúirte (an dara cás d'Airteagal 8).'

**<u>Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 16142/2/24 REV 2</u>**

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 10 ar liosta na míreanna 'B':</u>** | **Conclúidí maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus comhionannas inscne a áirithiú**<br>**do gach glúin i gcomhthéacs na ndúshlán déimeagrafach**<br>*Formheas* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Creideann an Ungáir go bhfuil cur chuige na hUachtaránachta i leith an chomhionannais inscne bunaithe ar chomhréiteach cothrom íogair, dá bhrí sin, tacaímid le cur chuige reatha na *gConclúidí ón gComhairle maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus comhionannas inscne a áirithiú do gach glúin i gcomhthéacs na ndúshlán déimeagrafach*.

Aithníonn an Ungáir agus cuireann sí chun cinn an comhionannas idir fir agus mná i gcomhréir le Dlí Bunúsach na hUngáire agus le dlí príomha, prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith le gealltanais agus prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta. Tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar luach bunúsach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is mar thagairt do 'gnéas' a dhéanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léirmhíniú sna *Conclúidí ón gComhairle maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus comhionannas inscne a áirithiú do gach glúin i gcomhthéacs na ndúshlán déimeagrafach*.

Dearbhaíonn an Ungáir maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025' a luaitear sna *Conclúidí ón gComhairle maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus comhionannas inscne a áirithiú do gach glúin i gcomhthéacs na ndúshlán déimeagrafach*, ba cheart iad a léirmhíniú agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí náisiúnta agus ar na himthosca sonracha i ngach Ballstát.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 11 ar liosta na míreanna 'B':</u>** | **Conclúidí maidir le meabhairshláinte na mban agus na gcailíní a neartú tríd an gcomhionannas inscne a chur chun cinn**<br><br>*Formheas* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Measann Poblacht na Bulgáire go bhfuil an-tábhacht ag baint le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí tiomanta an comhionannas a áirithiú agus an t-idirdhealú a chomhrac mar bhunluachanna an Aontais Eorpaigh.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le príomhphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire. Thairis sin, in 2021, shoiléirigh an Chúirt Bhunreachtúil gur cheart, i gcomhthéacs an dlíchórais náisiúnta, an coincheap 'gnéas' a úsáidtear sa Bhunreacht, a thuiscint sa chiall bhitheolaíoch (fir agus mná) amháin.
I mír 9 de na Conclúidí ón gComhairle maidir le meabhairshláinte na mban agus na gcailíní a neartú tríd an gcomhionannas inscne a chur chun cinn luaitear an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte, ina bhfuil coincheapa nach bhfuil ag teacht leis an tuiscint dhénártha ar 'inscne', de réir reachtaíocht na Bulgáire.

I bhfianaise a thábhachtaí atá sé meabhairshláinte na mban agus na gcailíní a neartú, de mheon an chomhréitigh, tacaíonn Poblacht na Bulgáire le formheas na gConclúidí ach ag an am céanna, i gcomhréir le Cinntí Uimh. 13/2018 agus 15/2021 ó Chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire, forchoimeádann an tír an ceart chun iad a chur i bhfeidhm ar an tuiscint nach ngabhann ach ciall bhitheolaíoch amháin leis an gcoincheap 'inscne' – fireann agus baineann – agus ní ghlacann sí leis na coincheapa sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte a théann níos faide ná sin.'

## RÁITEAS ÓN UNGÁIR

'Creideann an Ungáir go bhfuil cur chuige na hUachtaránachta i leith an chomhionannais inscne bunaithe ar chomhréiteach cothrom cáiréiseach agus dá bhrí sin, tacaímid le cur chuige reatha na g*Conclúidí ón gComhairle maidir le meabhairshláinte na mban agus na gcailíní a neartú tríd an gcomhionannas inscne a chur chun cinn*.

Aithníonn an Ungáir agus cuireann sí chun cinn an comhionannas idir fir agus mná i gcomhréir le Dlí Bunúsach na hUngáire agus le dlí príomha, prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith le gealltanais agus prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta. Tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar luach bunúsach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is mar thagairt do 'gnéas' a dhéanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léirmhíniú sna Conclúidí ón gComhairle maidir le meabhairshláinte na mban agus na gcailíní a neartú tríd an gcomhionannas inscne a chur chun cinn.

Dearbhaíonn an Ungáir gur cheart an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025] a luaitear sna *Conclúidí ón gComhairle maidir le meabhairshláinte na mban agus na gcailíní a neartú trí chomhionannas inscne a chur chun cinn*, a léirmhíniú agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí náisiúnta agus ar na himthosca sonracha i ngach Ballstát.

Thairis sin, dearbhaíonn an Ungáir gur cheart straitéis an Choimisiúin a glacadh in 2020: *LGBTIQ Equality Strategy 2020-2025*, [Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025] (COM(2020) 698 final) a luaitear sna Conclúidí ón gComhairle maidir le meabhairshláinte na mban agus na gcailíní a neartú trí chomhionannas inscne a chur chun cinn, a léirmhíniú agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí náisiúnta agus ar na himthosca sonracha i ngach Ballstát.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 13 ar liosta na míreanna 'B':** | **Moladh ón gComhairle maidir le timpeallachtaí atá saor ó thobac agus ó aerasóil**<br>(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 168(6) CFAE)<br>*Glacadh* |

## RÁITEAS ÓN IODÁIL AGUS ÓN RÓMÁIN

'Aithníonn an Iodáil agus an Rómáin nach mór an tsláinte phoiblí a chosaint agus tá siad ar aon intinn gur gá gníomhú go hiomchuí chun cosc a chur ar na rioscaí a ghabhann le tobac a chaitheamh, chun muintir na hEorpa a chosaint ó chaitheamh fulangach tobac.

É sin ráite, ba mhaith linn a chur i dtreis, maidir leis an bpróiseas a úsáideadh sa phlé agus i bhformheas an ghnímh ag an gComhairle, gur ghá plé a bheith ann idir na Ballstáit ag tráth a bheadh níos oiriúnaí agus faoi dhálaí níos fearr.

Ar an gcaoi chéanna, is trua nach ndearnadh breithniú leordhóthanach ar an iliomad barúlacha agus leasuithe suntasacha a mhol na Ballstáit agus nár cuireadh sa téacs iad, ós gníomh é seo, i ngeall ar chineál an ghnímh agus a raon feidhme, go mba cheart a phlé agus bailchríoch a chur air chun go dtiocfadh na páirtithe ar chomhréiteach, agus na hábhair imní agus tosaíochtaí náisiúnta a chuir na Ballstáit in iúl go soiléir á gcur san áireamh. Sa chomhthéacs polaitiúil, is iad na seasaimh atá bunaithe ar chomhréiteach an dóigh is iomchuí chun dul chun cinn a dhéanamh.

Anuas air sin, mar atá ráite go minic roimhe seo, is oth linn nár cuireadh measúnú tionchair ar an ngníomh seo i láthair chun go bhféadfadh an Chomhairle measúnú mar is cuí a dhéanamh ar na moltaí atá beartaithe.

I bhfianaise an mhéid sin, sa phlé a dhéanfar sa Chomhairle amach anseo ar an gceist, tá súil againn go dtabharfar aird níos mó ar na saincheisteanna uile a ardóidh na Ballstáit.

A mhéid a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar bhunábhar na moltaí sa ghníomh, ba cheart a mheabhrú, i gcás bearta ginearálaithe maidir le táirgí a astaíonn aerasóil i limistéir áirithe amuigh faoin aer, agus tagairt shonrach á déanamh do ghnólachtaí seirbhíse agus láithreacha oibre, nach bhfuil aon bhunús fónta eolaíoch ná measúnú tionchair cuí leo agus, dá bhrí sin, níor cheart iad a bheith sa ghníomh.

Ar an gcaoi chéanna, níl aon bhunús dlí leis na moltaí i dtaobh bearta ginearálaithe leathana i gcás limistéir amuigh faoin aer, nach sainaithnítear go soiléir agus lena mbaineann coincheapa ar nós líon mór custaiméirí a bheith ann, agus d'fhéadfadh siad éiginnteacht a chruthú maidir leis an gciall atá leo agus maidir leis an mbealach is ceart iad a chur chun feidhme; níor cheart, dá bhrí sin, iad a bheith sa ghníomh.

Ar deireadh, maidir leis an ngníomh seo atá glactha ag an gComhairle, i bhfianaise chineál agus raon feidhme an ghnímh, ba cheart a thabhairt le fios nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil ar na Ballstáit a reachtaíocht náisiúnta a mhúnlú dá réir, ag cur san áireamh inniúlachtaí agus sainiúlachtaí náisiúnta maidir le cur chun feidhme, agus ní chruthaítear fasach rialála d'aon phlé a bheidh sa Chomhairle ar an mbeartas Eorpach tobac as seo amach.

Ar an gcúis sin, is ábhar imní polaitiúil don Iodáil agus don Rómáin go fóill a iomchuí atá cuid de na moltaí, mar a thuairiscítear iad thuas, chomh maith le haon mheasúnú breise, inár gcáil mar Bhallstáit, ar chur chun feidhme ceart an ghnímh seo ar bhonn náisiúnta.'

## RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE

'Creideann Poblacht na Seice gur céim i dtreo laghdú a dhéanamh ar an dochar a dhéanann tobac agus táirgí gaolmhara é an Moladh ón gComhairle maidir le Timpeallacht atá Saor ó Thobac agus ó Aerasóil. Creidimid, áfach, gur cheart do bheartais a bhfuil sé d'aidhm acu an tsláinte phoiblí a chosaint a bheith réasúnach, réalaíoch agus bunaithe ar chosc agus ar laghdú díobhála.

Leanfaidh Poblacht na Seice é i gcomhréir lenár gcomhthéacs náisiúnta agus, go háirithe, lenár straitéis náisiúnta mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Beartas Andúile 2023-2025 í. I ndáil leis an méid sin, cuirimid i bhfios go láidir, cé go dtacaímid le cuspóirí ginearálta an Mholta maidir leis an tsláinte phoiblí a fheabhsú, go mbeidh aon ghníomhaíocht de chuid an Aontais i gcomhréir go docht le prionsabal na coimhdeachta agus na comhréireachta, nach ndéanfaidh sí ach beartais náisiúnta a chomhlánú, mar a shonraítear in Airteagal 168 CFAE, agus nach mór a cur chun feidhme a oiriúnú do na riachtanais, na dúshláin, na cleachtais agus an fhianaise shonrach náisiúnta.

Tacaíonn ár mbeartas náisiúnta, mar atá sainmhínithe sa Phlean Gníomhaíochta, le cur chuige cothrom agus réalaíoch i leith beartas andúile, lena n-áirítear beartas tobac. Ní hamháin go ndíríonn an cur chuige seo ar chosc ach tacaíonn sé freisin le laghdú díobhála mar cheann de phríomhcholúin ár mbeartais a chuirtear i bhfeidhm i leith na ndaoine fásta sin nach féidir leo nó nach mian leo éirí as caitheamh tobac. I gcásanna den sórt sin, meastar gur uirlisí luachmhara iad beartais lena laghdaítear na rioscaí sláinte a bhaineann le caitheamh tobac chun an tsláinte phoiblí a fheabhsú.

Aithníonn Poblacht na Seice, de réir na fianaise eolaíche is déanaí, go bhféadfadh rioscaí sláinte níos ísle a bheith ag baint le húsáid táirgí nua tobac agus nicitín atá ag teacht chun cinn i gcomparáid le táirgí traidisiúnta tobac. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar tuilleadh taighde chun fianaise níos dochloíte a sholáthar maidir le héifeachtaí fadtéarmacha na dtáirgí sin ar an tsláinte phoiblí. Ag an am céanna, tá sé ríthábhachtach a aithint go bhfuil táirgí nua, go háirithe iad siúd a bhfuil blasanna sainiúla orthu, tarraingteach go háirithe do leanaí agus do dhaoine óga, rud a éilíonn rialáil dhian chun rochtain ar na táirgí sin a chosc.

I gcomhréir leis sin, molann Poblacht na Seice bearta lena gcuirtear san áireamh an dochar coibhneasta agus an riosca sochaíoch a bhaineann le táirgí éagsúla tobac agus nicitín.

Ba cheart gurb iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

1) leanaí agus déagóirí a chosaint ar úsáid tobac agus ar nochtadh do thobac agus do tháirgí gaolmhara, agus

2) aistriú daoine fásta a chaitheann tobac go roghanna eile nach bhfuil chomh díobhálach céanna a éascú nuair nach bhfuil siad in ann nó toilteanach éirí as caitheamh tobac ar fad.

Measaimid go bhfuil sé tábhachtach ár seasamh maidir leis an mbeartas tobac agus maidir leis an gcur chuige i leith táirgí nua a lua, agus sinn ag súil go léireofar an cur chuige sin thar ceann Phoblacht na Seice san athbhreithniú a ar Threoir 2014/40 a bhfuil coinne leis.

Mar fhocal scoir, tá Poblacht na Seice tiomanta i gcónaí beartas éifeachtach a chur chun feidhme i gcomhréir leis an bhfianaise eolaíoch is fearr atá ar fáil, le beartais sláinte náisiúnta agus le creataí idirnáisiúnta. Creidimid go gcuideoidh an cur chuige seo againn leis an díobháil a bhaineann le tobac a laghdú, sláinte an phobail a chosaint, agus folláine gach saoránaigh a chur chun cinn.’

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 17 ar liosta na míreanna 'B':</u>** | **Conclúidí ón gComhairle maidir le deonú agus trasphlandú orgán a fheabhsú**<br>*Formheas* |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR AGUS ÓN gCRÓIT**

'Is díol sásaimh don Ostair agus don Chróit na conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar dheonú agus trasphlandú orgán, agus cuireann siad a mbuíochas ó chroí in iúl d'Uachtaránacht na hUngáire as an bpáipéar a chur i láthair agus as an bpróiseas caibidlíochta a threorú go rathúil. Is é an príomhchuspóir atá ann i gcónaí an chóireáil agus an soláthar is fearr is féidir a áirithiú d'othair, agus measaimid gur céim thábhachtach iad na conclúidí ón gComhairle chun an sprioc sin a bhaint amach. Ag an am céanna, de mheon idirphlé oscailte agus cuiditheach, ba mhaith leis an Ostair agus leis an gCróit aird a tharraingt ar ábhar maidir leis an bhfoclaíocht shonrach i ndáil le deonú orgán tar éis cinneadh báis ar bhonn imshruthú (DCDD, mír 30) agus maidir leis an tagairt don reachtaíocht náisiúnta. Dar linne, tá sé tábhachtach machnamh leanúnach criticiúil a dhéanamh ar na riochtaí atá ann cheana agus meastóireacht a dhéanamh ar roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hoiriúnú chun barrfheabhsú a chumasú chun soláthar leordhóthanach a áirithiú d'othair san fhadtéarma.

Tá an bharúil seo beartaithe mar rannchuidiú cuiditheach le tuilleadh plé a dhéanamh ar an gcur chuige i leith DCDD, gan amhras ar bith a chaitheamh ar luach doshéanta chonclúidí na Comhairle d'othair, rud a aithnítear go soiléir ar an iomlán. Dá bhrí sin, agus ní mór béim a leagan air sin mar chonclúid, tacaíonn an Ostair agus an Chróit go hiomlán le formheas na gconclúidí ón gComhairle.'

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 16322/24**

**Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/881 (an Gníomh um Chibearshlándáil) a mhéid a bhaineann le seirbhísí slándála bainistithe**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Leis an Rialachán seo lena leasaítear an Gníomh um Chibearshlándáil, cuirtear isteach an fhéidearthacht scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a fhorbairt le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe. Ag an am céanna, aithnítear go bhfuil sé ríthábhachtach athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar an nGníomh um Chibearshlándáil, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar na nósanna imeachta as a n-eascraíonn ullmhú, glacadh agus athbhreithniú na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála. Ba cheart an t-athbhreithniú sin a bheith bunaithe ar anailís dhomhain agus ar chomhairliúchán leathan maidir le tionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht fheidhmiú an chreata Eorpaigh um dheimhniú cibearshlándála. Ba cheart a áireamh san anailís a dhéanfar mar chuid den mheastóireacht a bhunaítear in Airteagal 67 den Ghníomh um Chibearshlándáil gníomhaíochtaí leanúnacha forbartha scéimeanna, amhail an ghníomhaíocht a bhaineann leis an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála do sheirbhísí néalríomhaireachta (EUCS) chomh maith le gníomhaíochtaí na scéimeanna arna nglacadh amhail an ghníomhaíocht a bhaineann leis an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar chritéir chomhchoiteanna (EUCC).

Go háirithe, ba cheart a shainaithint san athbhreithniú láidreachtaí agus laigí na nósanna imeachta as a dtagann scéimeanna um dheimhniú cibearshlándála agus moltaí a cheapadh le haghaidh feabhsuithe amach anseo. Ba cheart aghaidh a thabhairt ann freisin ar ghnéithe a bhaineann le comhairliúcháin le geallsealbhóirí agus trédhearcacht an phróisis.

Dá réir sin, áiritheoidh an Coimisiún, atá freagrach as an athbhreithniú ar an nGníomh um Chibearshlándáil, go gcuirfear san áireamh san athbhreithniú, de réir mar is iomchuí, na heilimintí is gá a luaitear i bhfianaise Airteagal 67 agus an t-athbhreithniú á chur faoi bhráid na gcomhreachtóirí.'

**Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** **Rialachán lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun bagairtí agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt orthu (An Gníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht)**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'1. Foilsíodh an Ráiteas Airgeadais Reachtach ón gCoimisiún a ghabhann leis an togra maidir leis an nGníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht i mí Aibreáin 2023. Ó shin i leith, tá athrú tagtha ar na figiúirí measta ábhartha mar gheall ar ghlacadh gníomhartha reachtacha eile nó ar ghlacadh na ngníomhartha sin a bhfuiltear ag súil leis.

2. An 5 Márta 2024, tháinig na comhreachtóirí ar réamh-chomhaontú polaitiúil chun teorainn EUR 22 mhilliún a chur leis an ath-leithdháileadh ó Chuspóir Sonrach 4 'Ardscileanna Digiteacha' chuig Cuspóir Sonrach 3 'Cibearshlándáil agus Iontaoibh' an Chláir don Eoraip Dhigiteach dá bhforáiltear sa Ráiteas Airgeadais Reachtach.

3. Chun téarmaí an réamh-chomhaontaithe pholaitiúil a léiriú, nuashonraigh an Coimisiún an Ráiteas Airgeadais Reachtach an Ghnímh um Chibear-Dlúthpháirtíocht maidir leis na himchlúdaigh airgeadais le haghaidh Chuspóirí Sonracha 2 'An Intleacht Shaorga', 3 'Cibearshlándáil agus Iontaobhas' agus 4 'Ardscileanna Digiteacha', agus na hath-leithdháiltí arna gcomhaontú ag na comhreachtóirí á gcur san i gcuntas.

4. Dá réir sin, is iad seo a leanas na himchlúdaigh airgeadais don tréimhse 2025-2027 a chuirtear i láthair sa Ráiteas Airgeadais Reachtach nuashonraithe, gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin i gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil:

   – [EUR 544 726 000] le haghaidh Chuspóir Sonrach 2 'An Intleacht Shaorga', agus EUR 65 mhilliún á ath-leithdháileadh ar Chuspóir Sonrach 3 'An Chibearshlándáil agus Iontaoibh';

   – [EUR 44 451 000] le haghaidh Chuspóir Sonrach 3 'An Chibearshlándáil agus Iontaoibh' - cuid atá faoi bhainistíocht dhíreach an Choimisiúin, lena n-áirítear EUR 26 mhilliún arna ath-leithdháileadh ó Chuspóirí Sonracha 2 agus 4.

   – [EUR 353 190 613] le haghaidh Chuspóir Sonrach 3 'Cibearshlándáil agus Iontaoibh' - cuid arna bainistiú ag an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála, lena n-áirítear EUR 61 mhilliún a ath-leithdháileadh ó Chuspóirí Sonracha 2 agus 4.

   – [EUR 167 162 423] le haghaidh Chuspóir Sonrach 4 'Ardscileanna Digiteacha', agus EUR 22 mhilliún á ath-leithdháileadh chuig Cuspóir Sonrach 3 'An Chibearshlándáil agus Iontaoibh'.

5. Déanfar Cúlchiste Cibearshlándála an Aontais a chistiú ó imchlúdach airgeadais Chuspóir Sonrach 3 'Cibearshlándáil agus Iontaobhas' – cuid faoi bhainistíocht dhíreach an Choimisiúin (a mheastar, de réir an SFS nuashonraithe, ag EUR [44 451 000]).'